# Beartas i leith na Gaeilge

## 1. <u>Ginearálta</u>

### 1.1 Scóp

Baineann an polasaí seo le daltaí uile, tuismitheoirí agus foireann Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin. Cuirtear i bhfeidhm é le linn scoile, ag imeachtaí scoile, ar thurais scoile agus le linn scrúduithe stáit. Cruthaíodh an polasaí seo i gcomhairle le páirtithe leasmhara uile na scoile.

### 1.2 Baint le sainspiorad na scoile

Is í an fhoghlaim bunchloch Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin. Tugtar tacaíocht agus dúshlán don uile dhalta faoinár gcúram barr a gcumas acadúil, pearsanta, sóisialta agus mórálach a bhaint amach i dtimpeallacht lán-Ghaelach ina dtugtar tús áite do mheas, cothromaíocht agus ionracas.

Tuigtear a thábhachtaí is atá rannpháirtíocht na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí, agus cuirimid fúinn ár n-aidhmeanna scoile a chur i bhfeidhm lena dtacaíocht.

Braitheann ard-chaighdeán rathúil na scoile ar ardchaighdeáin san uile ghné de shaol na scoile. Táthar ag súil le hardchaighdeáin chumarsáide sa scoil. Is iad bunchlocha na n-ionchas seo ná an Ghaeilge a bheith ina teanga chumarsáide sa scoil.

Creidimid go bhfuil tacaíocht agus moladh riachtanach do fhás, do fhorbairt agus do fhoghlaim na Gaeilge. Déantar daltaí a mholadh agus a aithint as ardchaighdeáin Ghaeilge. Cuirtear béim ar luach ionchur atá dearfach in ionad a bheith diúltach.

Mar scoil atá faoi phatrúnacht Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí, Tá sé mar aidhm againn anseo éiteas cuimsitheach, dearfach a cothú bunaithe ar na croíluachanna: meas, pobal, comhionannas, cúram agus barr feabhais san oideachas.
Creidimid go bhfuil gach ball dár bpobal scoile i dteideal na dínite agus an chineáltais. Spreagaimid na daltaí meas a léiriú orthu féin, ar a chéile, agus ar a dtimpeallacht. Trí fhíorchúram agus tacaíocht, cothaímid folláine agus forbairt phearsanta gach dalta. Oibrímid le chéile mar phobal, ag ceiliúradh na héagsúlachta agus ag cur deiseanna cothroma chun cinn do chách. Agus sinn ag dréim le barr feabhais san oideachas, tá sé mar aidhm againn gach foghlaimeoir a spreagadh chun a lánchumas a bhaint amach agus cur go dearfach leis an saol mórthimpeall orthu.

**1.3 Comhthéacs**

Forbraíodh an polasaí seo le comhairliúchán pháirtithe leasmhara uile na scoile, le folláine na ndaltaí go lárnach ann agus ar aon dul le héiteas na scoile. Ba chóir go léifí é i gcomhthéacs Pholasaí Thuras Scoile, Polasaí Frith-Mhaistíneachta, Beartas um Úsáid Inghlactha na Teicneolaíochta, Cód Iompair na Scoile, Polasaí Folláine, Polasaí Tréadchuraim agus Polasaí Fionraíochta agus Díbeartha Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin. Cuirtear béim ar leith ar thábhacht na Gaeilge i bhfás agus i bhfoghlaim ár ndaltaí. Moltar go láidir barr feabhais, agus na caighdéain is airde gnóthachtála san uile ní. Is léiriú ríthábhachtach ar na hardchaighdeáin úd teanga chumarsáide na ndaltaí.

**1.4 Réasúnaíocht**

Cleachtadh a dhéanann máistreacht, agus is cuid lárnach d'éiteas na scoile í an Ghaeilge a bheith mar theanga chumarsáide na scoile. Cothaíonn na luachanna tábhachtacha seo aontas agus gaoil dhearfacha leis an teanga, a thacaíonn le hardchaighdeáin teagaisc agus fhoghlama.

**1.5 Spriocanna**

Is iad spriocanna an pholasaí seo ná:

a) Folláine gach ball de phobal na scoile a neartú agus éiteas agus sainmheon Gaelach na scoile a chur i bhfeidhm;

b) Freagracht na ndaltaí ó thaobh na foghlama de a mhéadú;

c) Próisís éifeachtacha a chur i bhfeidhm ionas go bhfeidmeoidh an scoil go héifeachtach.

d) Foghlaimeoirí neamhspleácha a chothú is a chaomhnú;

e) Saoránaigh fhreagracha a chothú;

f) Soiléiriú a thabhairt do thuismitheoirí, do dhaltaí, do mhúinteoirí agus do bhainistíocht na scoile ar na hardchaighdeáin Ghaeilge lena bhfuiltear ag súil;

g) Na straitéisí go mb'fhéidir go n-úsáidfear sa scoil chun an Ghaeilge a spreagadh;

h) Achoimre a thabhairt ar na smachtbhannaí go mb'fhéidir go núsáidfear i gcás Béarla a labhairt.

i) Chun béim a leagadh ar an Ghaeilge a bheith i gcroí lár gach uile ghné de shaol na scoile i nGaelcholáiste Charraig Uí Leighin.

## 2. Ábhar an Pholasaí

a) Is í an Ghaeilge teanga chumarsáide agus teanga fhoghlama Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin.

b) Táimid fíor-bhródúil as an saibhreas teanga, oidhreachta agus cultúir Ghaelaigh atá againn, agus tá sé ina sprioc againn an bród agus an gráchroí sin a chaomhnú san uile dhalta faoinár gcúram.

c) Labhraítear Gaeilge amháin laistigh den rang (ach amháin sna ranganna teanga ina n-úsáidtear an modh díreach), i dtimpeallacht na scoile, ar thurais agus ag imeachtaí scoile.

d) Reachtálfar cruinnithe uile na scoile (ach amháin cruinnithe Choiste na dTuistí) trí mheán na Gaeilge.

e) Úsáidfear córas molta chun daltaí a spreagadh agus chun moladh a thabhairt dóibh as sár-iarracht Ghaeilge a dhéanamh. Tuigimid a thábhachtaí is atá moladh agus spreagadh do bharr feabhais foghlama. Tabharfar tacaíocht bhreise don dalta lena mbaineann dúshláin labhairt na Gaeilge.

f) Tugtar tús áite d'imeachtaí cultúrtha agus spóirt na hÉireann. Cuirfear imeachtaí lán-Ghaeilge ar siúl a rachaidh chun tairbhe na scoile, pobal na scoile agus na Gaeilge araon.

g) Tugtar spreagadh agus tacaíocht do gach cuairteoir chuig an scoil a ngnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

h) Ar mhaithe le dea-chaidreamh poiblí a chruthú agus le saineolas a roinnt, beidh gaol dearfach á chothú idir an scoil, pobal na scoile, eagraíochtaí Gaeilge, na meáin shóisialta, na meáin Ghaeilge agus na meáin chlóite agus leictreonacha (TG4, Feasta, Comhar, RnaG, Tuairisc.ie, Comhar, Gael-Linn ina measc), scoileanna Gaeltachta agus scoileanna eile Gaeilge sa chóras oideachais trí chéile.

i) Ar mhaithe le Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin a chur chun cinn, beidh aird leanúnach ar an taighde is nua-aimseartha agus is fadradharcaí i réimsí an dátheangachais, i múineadh na Gaeilge, agus i múineadh na teanga agus na hábhair á gcomhtháthú agus in athbheochan teanga agus phobail.

j) Is pobal foghlama é pobal na scoile. Déanfar athbhreithniú leanúnach ar fheabhas chaighdeán labhartha na Gaeilge i measc pháirtithe leasmhara na scoile, ar aon dul le héiteas na scoile agus leis an bPlean Feabhsúcháin Scoile.

k) Tá córas tacaíochta do mhúinteoirí ó pháirtithe leasmhara na scoile sa Ghaelcholáiste ann ina dtugtar cabhair bhreise dóibh siúd ar bheagán Gaeilge.

l) Bíonn an Ghaeilge mar chuid lárnach den Phlean Feabhsúchán Scoile ar bhonn bliantúil.

m) Tá na comharthaí scoile as Gaeilge agus sa chéad áit i gcás an dátheangachais.

n) Tá sé fíorthábhachtach go bhfuil spéis dháiríre ag na tuismitheoirí/caomhnóirí sa Ghaeilge. Cuirtear tuismitheoirí ar an eolas faoi shainmheon Gaelach na scoile roimh chlárú. Beifear ag súil go dtacófar leis an scoil chun an sainmheon Gaelach seo a chur i bhfeidhm i gcónaí.

o) Sula gclárófar aon dalta sa scoil, iarrfar ar na tuismitheoirí/caomhnóirí conradh a shíniú ag glacadh leis an mBeartas i Leith na Gaeilge.

p) Is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí tacú lena bpáistí agus le hobair na scoile trí fheabhas a chur ar a gcuid Gaeilge trí fhreastal ar ranganna, an Ghaeilge a labhairt i gcónaí i dtimpeallacht na scoile, na daltaí a spreagadh chun an Ghaeilge a labhairt eatarthu taobh amuigh den scoil, agus labhairt go minic lena bpáistí faoin gcúis gur roghnaíodh scoil lán-Ghaeilge dóibh.

q) I gcomhthéacs na Scrúduithe Stáit, tá sé ríthábhachtach Gaeilge a labhairt, a scríobh a léamh agus a thuiscint. Ní mór do gach dalta na deiseanna a chuireann suíomh tumoideachais cosúil leis an scoil seo ar fáil dóibh a thapú. Ní fhorbrófar na scileanna seo gan Gaeilge a chleachtadh. Cleachtadh a dhéanann máistreacht.

r) Cuirtear go mór le follaine na bpáistí nuair a bhítear in ann a smaointí, a dtuairimí agus a mothúcháin a mhíniú. Nuair a bhaintear úsáid as a gcuid Gaeilge go sóisialta, cuirtear go mór lena gcumas cumarsáid go shoiléir tré Ghaeilge, agus mar thoradh ar sin, cuirtear go mór lena n-eispéireas dara leibhéal féin.

## 3. Riail na Gaeilge

Is í ceann de bunchlocha na scoile í an agus tá sé tábhachtach páistí a mhealladh chun an Ghaeilge a labhairt. Ar an taobh eile, tá gá le próisis agus céimeanna a thógaint leo siúd nach bhfuil sásta an teanga a labhairt. Tógfar na céimeanna seo i mbliana;

| | |
|---|---|
| Céim 1 | Nóta ar VS Ware |
| Céim 2 | Nóta ar VS Ware agus Rang Tacaíochta Gaeilge am lóin don chéad trí uair eile go dtarlaíonn sé. |
| Céim 3 | Nóta ar VS Ware, Tréimhse Machnaimh tar éis na scoile agus Cárta Gaeilge don chéad trí uair eile go dtarlaíonn sé. |

| | |
|---|---|
| Céim 4 | Mar an gcéanna le Céim 3, ach eagrofar cruinniú idir na tuismitheoirí/caomhnóirí, an dalta agus an Príomhoide fresisin. |
| Céim 5 | Tuilleadh smachtbhannaí mar a bheidh in oiriúint, ina measc beidh pribhléidí a bhaint, cead freastal ar ghníomhaíochtaí seach-churachlam a bhaint,srl. |

*Tugtar deiseanna do dhaltaí nótaí dearfacha a fháil as a gcuid Gaeilge a úsáid, agus sa chás seo, bogtar siar céim amháin ar an ndréimire.

Tá an polasaí ar fáil do pháirtithe uile na scoile, agus tá sé foilsithe i nDialanna na nDaltaí agus ar shuíomh idirlín na scoile. Déanfar athbhreithniú air ar bhonn leanúnach. Rinneadh athbhreithniú ar an bpolasaí seo ar an 25ú Samhain 2025.